Fadhbanna ar saoire

Bhí mé féin, Liam, Mamaí, agus Daidí sa chistin. Ní raibh laethanta saoire ag an teaghlach an bhliain roimhe sin agus **bhí sé socraithe acu dul áit éigin**. Bhí mé féin agus mo dhearthair Liam iontach sásta.

D'fhéach muid ar an idirlíon agus ansin, chuaigh muid go dtí an gníomhaire taistil. Bhí a lán óstáin i Malaga agus **bhí ionadaí acu** ansin. Phioc muid óstán compordach i **suíomh álainn** le háiseanna iontacha.

Bhí eitilt dheas, chompordach againn go Malaga. Bhí an t-ionadaí ansin **chun fáilte a chur romhainn**. Thug sé a **uimhir ghútháin** dúinn ar eagla na heagla.



Nuair a shroich muid an t-óstán, bhí díomá an domhain orainn. Bhí an seomra leapa uafásach. **Rinne Daidí gearán** agus **chuir Mamaí scairt ar** an ionadaí taistil sa bhaile. Dúirt sí nach raibh muid pioc sásta leis an áit.

Roimh i bhfad, bhí an t-ionadaí san óstán. Ghabh sé a leithscéal ach dúirt sí go raibh foireann an óstáin ar stailc. Thairg an t-ionadaí **óstán cúig réalta** dúinn i suíomh álainn le háiseanna iontacha

Bhí muid lán-sásta leis an óstan nua. Luigh Daid agus Mam faoin ghrian agus chaith muid a lán ama sa linn snámha. Bhí muid breá sásta **gur bhog muid**!